# Foirm 54 Éilimh

## Cáin Ioncaim – Éileamh ar Aisíocaíocht don bhliain 2024
## (Éileamh ar Aisíocaíocht Cánach Coinneála ar Ús Taisce don bhliain 2024)

**Ainm agus seoladh**

**Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP)**
Ná déan dearmad d'UPSP a lua in aon chumarsáid le d'Oifig Ioncaim

**Má chomhlánaigh tú foirm(eacha) Dhearbhaithe chun stádas Díolmhaithe ó cháin DIRT a éileamh i dtaca le cuntas(ais) taisce saor-ó-cháin DIRT i 2024 cuir ☒ sa bhosca** ☐

**Seoladh fillte**

**Úsáid clúdach ar bith agus scríobh “Saorphost” lastuas den Seoladh Fillte**
**Ní gá duit stampa a úsáid**

## Nótaí

1. Is cóir an fhoirm seo a úsáid chun éileamh a dhéanamh ar aisíocaíocht cánach ioncaim asbhainte ag an bhfoinse (mar shampla, blianachtaí, cúnaint, cáin choinneála ar ús taisce (DIRT), cáin iarchoimeádta díbhinne (DWT) srl). Má tá cúnamh ar bith uait chun an fhoirm a chomhlánú déan teagmháil le d’Oifig Ioncaim.
2. Má tá éileamh déanta agat cheana don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2024 ní gá duit an fhoirm seo a sheoladh ar ais.
3. Féadfaidh a leithéidí seo a leanas an fhoirm seo a úsáid:
   - duine aonair
   - duine ag gníomhú faoi údarás duine aonair (comhairleoir cánach, srl)
   - seiceadóir nó riarthóir duine nach maireann (chun gnóthaí cánach roimh-bháis a thabhairt chun críche), nó
   - coiste, caomhnóir, iontaobhaí, srl mionaoisigh (leanbh faoi 18) nó duine faoi éagumas.

   Má dhéanann tú an tuairisceán ar son duine eile (mar shampla, mar ghníomhaire, chaomhnóir, iontaobhaí, srl) luaigh an stádas ar an DEARBHÚ ar leathanach 6.
4. **Is féidir leat aisíocaíocht Cánach Coinneála ar Ús Taisce (DIRT) a éileamh, má bhí tú féin agus / nó do chéile nó pháirtnéir sibhialta cibé acu**
   - 65 bliana d’aois nó os a choinn roimh 1 Eanáir 2025 **agus** go raibh tú díolmhaithe ó cháin don bhliain 2024, nó
   - más faoí 65 bliana d'aois, faoi bhuan-éagumas mar gheall ar éiglíocht meabhrach nó coirp, gan bheith in ann tú féin a chothabháil **agus** go raibh méid do chreidmheasanna / fhaoisimh chánach níos mó ná do dliteanas cánach ioncam sa bhliain 2024.

   **Teorainneacha Díolúine:** Tá tú díolmhaithe ó cháin don bhliain 2024 má tá tú **65 bliana d’aois nó os a chionn** agus gur lú d’ioncam iomlán (is é sin, ioncam comhlán lúide asbhaintí áirithe) ná na suimeanna seo a leanas:

   | | |
   |---|---|
   | **Singil nó Baintreach nó Páirtnéir Sibhialta Marthanach (fir / mná)** | €18,000 |
   | **Lánúin Phósta nó Páirtnéiri Sibhialta (Comhioncam)** | €36,000 |

   Méadaítear na teorainneacha seo de €575 an duine don chéad agus don dara leanbh cleithiúnach agus €830 do gach leanbh cleithiúnach ina dhiaidh sin.

   Murar mó ioncam go mór ná an teorainn díolúine d’fhéadfadh faoiseamh imeallach teacht i gceist. Tabhair faoí deara nach mbaineann an ráta cánach d’fhaoiseamh imeallach ach le daoine atá 65 bliana d’aois nó os a chionn.
5. Tá an fhoirm seo oiriúnach do dhaoine **faoi 65 bliana d’aois** má tá a ndliteanas cánach clúdaithe ag a gcreidmheasanna cánach pearsanta.
6. Ma tá foirm(eacha) Dhearbhaithe comhlánaithe agat i dtaca le cuntas(tais) taisce saor-ó-cháin DIRT i 2024 is féidir go mbeadh tú i dteideal aisíocaíocht DIRT asbhainte sa tréimhse 1 Eanáir 2024 go dtí an dáta ar tháinig do chuntas(tais) chun a bheith saor-ó-cháin DIRT.
7. **Teorainn Ama ar Éilimh Aisíocaíochta**

   Ní mór duit éileamh a dhéanamh ar aisíocaíocht chánach taobh istigh de cheithre bliana tar éis dheireadh na bliana cánach lena mbaineann an t-éileamh. Mar shampla, ní mór éilimh do 2021 a bheith déanta faoi 31 Nollaig 2025.

## Ráiteas Ioncaim don bhliain 2024

| IONCAM | | |
|---|---|---|
| Mionsonraigh gach foinse ioncaim, mar shampla<br>*Pinsean Stáit, Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Pháirtnéara Sibhialta Mharthanaigh, Sochar Breoiteachta, Sochar Cuardaitheora, Pinsin Choigríche (mar shampla, Pinsean DWP na Ríochta Aontaithe, Pinsean na Stát Aontaithe), Blianacht / Cúnant, Ús Taisce, Cíosanna (seachas cíosanna inghlactha le haghaidh "Faoiseamh Ligean–Seomra"), Feirmeoireacht, Táillí, Iocaíochtaí Cothabhála (faoi shocruithe infheidhmithe), srl.<br>Más pósta nó i bpáirtnéireacht shibhialta agus faoi chomheasúnú, breac insteach d'ioncam féin maraon le hioncam do chéile nó pháirtnéara shibhialta agus luaigh an mbaineann foinse an ioncaim le "Tú Féin", "Do Chéile" nó "Do Pháirtnéir Sibhialta" | Ioncam Comhlán roimhcháin (I gcás dáiltítaispeáin an dáileadhiomlán **agus** an cháiniarchoimeádta díbhinne)<br>€ | Cáin asbhainte nó cáin iarchoimeádta mar is iomchuí<br>€ |
| 1. | | |
| 2. | | |
| 3. | | |
| 4. | | |
| 5. | | |
| 6. | | |
| 7. | | |
| 8. | | |
| 9. | | |
| 10. | | |
| 11. | | |
| 12. | | |
| **IOMLÁN** | | |
| Ní mór gach deimhniú nó dearbhán de cháin asbhainte (amhail deimhnithe DIRT, Foirm R185, comhdhuillí díbhinne, srl) a choinneáil ar feadh sé bliana toisc go bhféadfaidh sé go n-iarrfar ort iad a sheoladh isteach má roghnaítear d'éileamh chun scrúdú sonraithe a dhéanamh air. | | |

***Íocaíochtaí, Sochair nó Pinsin Leasa Shóisialaigh**

Áirítear i bpinsin Leasa Shóisialaigh méid bunúsach móide méid breise sa chás go bhfuil cleithiúnaí aosaithe ag an éilitheoir. Breac isteach an méid iomlán (is é sin, an méid bunúsach móide an méid breise do chleithiúnaí aosaithe)

- faoi "Tú Féin" más é / í do chéile nó pháirtnéir sibhialta an cleithiúnaí aosaithe chun críocha leasa shóisialaigh. Sa chás seo tá an Creidmheas Cánach Fostaí ag dul duit
- faoi "Do Chéile nó Pháirtnéir Sibhialta" más tusa an cleithiúnaí chun críocha leasa shóisialaigh. Sa chás seo tá an Creidmheas Cánach Fostaí ag dul do do chéile nó pháirtnéir sibhialta.

# Éileamh ar Chreidmheasanna Cánach don bhliain 2024

## Creidmheas Cánach Pearsanta

Cuir ☒ sa bhosca is iomchuí duit do 2024

**Singil** ☐ **Pósta** ☐ **Baintreach** (Fir / Mná) ☐ **Scartha** ☐ **Colscartha** ☐

**i bPáirtnéireacht Shibhialta** ☐ **Páirtnéir Sibhialta Marthanach** ☐ **i bPáirtnéireacht Shibhialta** ach scartha ☐ **Iar-pháirtnéir Sibhialta** ☐

Más pósta nó i bpáirtnéireacht shibhialta, luaigh ainm do chéile nó pháirtnéara shibhialta (más ag cónaí leat nó á cothabháil agat) ________

Dáta pósta nó páirtnéireachta sibhialta, más tar éis an 31 Nollaig 2023 L L / M M / B B B B

Más baintreach nó páirtnéir sibhialta marthanach (fir / mná), luaigh dáta báis do chéile nó pháirtnéara shibhialta L L / M M / B B B B

Más scartha, colscartha, nó i bpáirtéirneacht shibhialta atá scaoilte, luaigh an dáta scartha, colscartha nó scaoilte den pháirtnéireacht shibhialta L L / M M / B B B B

## Díolúine Mhéadaithe / Leanaí Cleithiúnacha

(féach Nóta 4 ar leathanach 1)

Luaigh an líon Leanaí Cleithiúnacha ☐☐

## Faoi Bhuan-éagumas

| | TÚ FÉIN | DO CHÉILE nó PHÁIRTNÉIR SIBHIALTA |
|---|---|---|
| Cuir ☒ sa / sna bhosca(í) lena chur in iúl an raibh tú féin agus / nó do chéile nó páirtnéir sibhialta faoi Bhuan-éagumas do 2024 (más é seo do chéad éileamh faoin mírcheann seo ceangail teastas dochtúra ag deimhniú cén cineál éagumais agus a mhéid) | ☐ | ☐ |

## Creidmheas Cánach Aoise

Má rugadh tú féin nó do chéile nó páirtnéir sibhialta roimh 1 Eanáir 1960 luaigh an dáta breithe L L / M M / B B B B    L L / M M / B B B B

## An Scéim um Fhaoiseamh Ligean-Seomra

Is féidir go mbeidh **Faoiseamh Ligean-Seomra** dlite sa chás go bhfuil seomra(í) i d'aonáit nó phríomháit chónaithe ligthe mar chóiríocht chónaithe agus nach mó an t-ioncam comhlán a éiríonn as ná €14,000 sa bhliain 2024.

| | TÚ FÉIN | DO CHÉILE nó PHÁIRTNÉIR SIBHIALTA |
|---|---|---|
| Má tá Faoiseamh Ligean-Seomra dlite duit luaigh an t-ioncam cíosa comhlán faighte sa bhliain 2024 | € | € |

**Ná háirigh** an tsuim seo in aon fhigiúr d'ioncam cíosa ar leathanach 2.

## Seirbhísí maidir le Cúram Leanaí

Is féidir díolúine a éileamh maidir le **Seirbhísí Cúraim Leanaí** sa chás nach mó an t-ioncam a fhaightear i 2024 ná €15,000, agus go gcomhlíontar coinníollacha áirithe.

| | TÚ FÉIN | DO CHÉILE nó PHÁIRTNÉIR SIBHIALTA |
|---|---|---|
| Ioncam faighte do Sheirbhísí Cúraim Leanaí roimh chostais (Alt 216C den ACCán 1997) | € | € |
| Cuir ☒ sa bhosca más mian leat díolúine a éileamh i leith ioncaim do Sheirbhísí Cúraim Leanaí | ☐ | ☐ |

## Costais Sláinte

Costais Sláinte a thabhaigh tú féin (agus do chéile nó pháirtnéir sibhialta má ghearrtar cáin oraibh faoi Chómheasúnú).

**Costais i dTeach Altranais**

Cuir isteach sonraí maidir le cothabháil nó cóireáil i dteach altranais ‘ceadaithe’

Méid na gcostas ___,___.00

UPSP chónaitheora i dteach altranais

Ainm agus seoladh an Tí Altranais, áirigh Eircode (más eol)

**Asbhaintí** (Suimeanna faighte / infhaighte i leith Costas a bhaineann le Teach Altranais)

Ó aon údarás poiblí / áitiúil
(mar shampla, Health Service Executive) ___,___.00

Faoi aon pholasaí árachais liachta
(mar shampla, VHI, LAYA Healthcare, Irish Life Health, srl) ___,___.00

Eile (éileamh cúitimh, mar shampla) ___,___.00

**Iomlán Asbhaintí**
(Costais a bhaineann le Teach Altranais agus sin amháin) ___,___.00

**Glanmhéid na gCostas a bhaineann le Teach Altranais ar a bhfuil faoiseamh cánach á éileamh** ___,___.00

**Costais Fiaclóireachta Neamhghnáthaimh agus Costais Sláinte ‘Eile’ a thabhaítear**

An tsuim a íoctar i leith Costais Fiaclóireachta Neamhghnáthaimh
(de réir an Med 2) ___,___.00

An tsuim a íoctar i leith Costais Sláinte Cháilitheacha ‘Eile’ ___,___.00

**Asbhaintí** (Suimeanna a fhaightear i ndáil le Costais Fiaclóireachta Neamhghnáthaimh agus Costais Sláinte ‘Eile’ amháin)

Ó aon údarás poiblí / áitiúil
(mar shampla, Health Service Executive) ___,___.00

Faoi aon pholasaí árachais liachta
(mar shampla, VHI, LAYA Healthcare, Irish Life Health, srl) ___,___.00

Eile (éileamh cúitimh, mar shampla) ___,___.00

**Iomlán na nAsbhaintí** (Costais Fiaclóireachta Neamhghnáthaimh agus Costais Sláinte ‘Eile’ amháin) ___,___.00

**Suim ghlan na gCostas Fiaclóireachta Neamhghnáthaimh agus Costais Sláinte ‘Eile’ a n-éilítear faoiseamh cánach ina leith** ___,___.00

**NÓTAÍ:**

**Costais Fiaclóireachta Neamhghnáthaimh**

I gcásanna ina bhfuil éileamh á dhéanamh i leith costais fiaclóireachta neamhghnáthaimh, ní mór Foirm Med 2 (Fiaclóireacht) a bheith chomhlánaithe, sínithe agus deimhnithe ag an gcleachtóir fiaclóireachta. Tá liosta iomlán de na córacha cáilitheacha ar an taobh lastall den Fhoirm Med 2 (Fiaclóireacht) atá ar fáil ó do chleachtóir fiaclóireachta. Ní chaithfear an Fhoirm Med 2 (Fiaclóireacht) a thíolacadh leis an Tuairisceán seo. Ní mór duit an Fhoirm Med 2 (Fiaclóireacht) a choinneáil ar feadh 6 bliana ar a laghad toisc go bhféadfaidh sé go n-iarrfar ort é a sheoladh isteach má roghnaítear d’éileamh chun scrúdú sonraithe a dhéanamh air.

**Admhálacha i leith costais a tabhaíodh**

Níor chóir éileamh a dhéanamh ach amháin i leith suimeanna a bhfuil admhálacha agat ina leith. Ní mór duit na hadmhálacha a choinneáil ar feadh sé bliana toisc go bhféadfaidh sé go n-iarrfar ort iad a sheoladh isteach má roghnaítear d’éileamh chun scrúdú sonraithe a dhéanamh air.

## Muirir, srl ar ioncam (Blianachtaí, Íocaíochtaí Cothabhála, Cúnaint, srl) nó Cíos Is Iníoctha le Neamhchónaitheoir

An cineál íocaíocht ______

Cuir ☒ sa bhosca má d'asbhain tú cáin ☐

An duine lenar íocadh (Ainm agus Seoladh, áirigh Eircode (más eol)) ______

an Gaol, más ann, leatsa ______

**An Méid Comhlán Íoctha** (roimh asbhaint cánach más ann) €

## Creidmheasanna / Faoisimh Cánach eile don bhliain 2024

Más mian leat aon chreidmheasanna / faoisimh eile chánach a éileamh ón liosta thíos, cuir isteach an tsuim atá á héileamh sa bhosca cuí. Ní mór gach admháil tacaíochta a choinneáil ar feadh sé bliana toisc go bhféadfaidh sé go n-iarrfar ort iad a sheoladh isteach má roghnaítear d'éileamh chun scrúdú sonraithe a dhéanamh air.

| | |
|---|---|
| Creidmheas Cánach do Ghaol Cleithiúnach | € |
| Duine faoi Éagumas – Faoiseamh d'Fhostú Cúramóra | € |
| Creidmheas Cánach do Leanbh faoi Éagumas | € |
| Creidmheas Cánach Cúramóra Linbh do Dhuine Singil | € |
| Creidmheas Cánach do Chúramóir Baile | € |
| Cíos Íoctha ar Chóiríocht Chónaithe Phríobháideach | € |
| Creidmheas Cánach do Bhaintreach nó Pháirtnéir Sibhialta Marthanach | € |
| Creidmheas Cánach do Dhuine Dall | € |
| Liúntas i leith Madraí Treorach | € |
| Madraí cabhrach do dhaoine fásta agus do leanaí | € |
| Sochar Buansláinte | € |
| Conradh Blianachta Scoir (RAC) | € |
| Cuntas Coigiltis Scoir Pearsanta (PRSA) | € |
| Táillí Teagaisc | € |
| An Dreasacht Athchoirithe Tí (HRI) - Creidmheas cánach dlite don bhliain 2024 bunaithe ar d'éileamh DAT ar líne | € |

# Gnóthachain Chaipitiúla

## Gnóthachain Chaipitiúla don bhliain 1 Eanáir 2024 – 31 Nollaig 2024

Má dhiúscair tú féin nó do chéile nó pháirtnéir sibhialta aon sócmhainní inmhuirir sa bhliain 2024 tabhair an fhaisnéis seo a leanas

| | TÚ FÉIN | DO CHÉILE nó PHÁIRTNÉIR SIBHIALTA |
|---|---|---|
| 1. Tuairisc na Sócmhainne (féach Nóta 1 anseo thíos) | | |
| 2. Fáltais as díolachán | € | € |
| 3. Cuir ☒ sa bhosca más rud é gurbh í an tsócmhainn do Phríomháit Chónaithe Phríobháideach | ☐ | ☐ |
| 4. Cuir ☒ sa bhosca má tá faoiseamh iomlán á éileamh agat ó Cháin Ghnóthachan Caipitiúil ar dhiúscairt Phríomháit Chónaithe Phríobháideach | ☐ | ☐ |

## Nótaí Gnóthachan Caipitiúil

1. Murarbh í an tsócmhainn inmhuirir do Phríomháit Chónaithe Phríobháideach , mar shampla, má dhiúscair tú féin nó do chéile nó pháirtnéir sibhialta talamh nó scaireanna i rith na bliana agus gur eascair gnóthachan inmhuirir as, is cóir duit **Foirm CG1** a chomhlánú (féach Nóta 2 anseo thíos).

2. Tá Foirm CG1 ar fáil ar ár suíomh gréasáin **www.revenue.ie** nó ónár seirbhís Foirmeacha & Bileoga ach glaoch ar +353 1 738 3675.

Tá tuilleadh eolais faoin gCáin Gnóthachan Caipitiúil ar fáil ar **www.revenue.ie**.

## NÍ MÓR DUIT AN DEARBHÚ SEO A SHÍNIÚ

DEARBHAÍM, chomh fada agus is eol dom agus mar a chreidim, go bhfuil san fhoirm seo tuairisceán ceart de réir na bhforálacha den Acht Comhdhlúite Cánacha (ACCán) 1997 ar m'fhoinsí ioncaim ar fad agus ar mhéid an ioncaim faighte as gach foinse sa bhliain 2024, agus ar gach diúscairt sócmhainní inmhuirir sa bhliain 2024.

DEARBHAÍM, chomh agus is eol dom agus mar a chreidim, go bhfuil na sonraí ar fad atá tugtha i leith creidmheasanna agus faoisimh chánach atá á n-éileamh agus maidir le heisíocaíochtaí curtha síos i gceart.

Síniú ____________________ Dáta L L / M M / B B B B

Seoladh ____________________ Teileafón ____________________

Eircode ☐☐☐ ☐☐☐☐

An stádas lena ndéantar an tuairisceán (féach Nóta 3 ar leathanach 1) ____________________ thar ceann ____________________

Más ar son mhionaoisigh an t-éileamh, luaigh dáta breithe an mionaoisigh L L / M M / B B B B

## Sonraí Bainc

Tabhair le do thoil na sonraí ar do chuntas bainc le go bhféadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim d'aisíocaíocht a aistriú chuig do chuntas bainc Éireannach

**Limistéar Aonair d'Íocaíochtaí Euro (LAÍE)**

Go hiondúil bíonn Uimhreacha Idirnáisiúnta Chuntas Bainc (UICB) agus Cóid Aitheantais Bainc (CAB) ar fáil ar do ráitis chuntais bainc. Tá breis eolais ar LAÍE le fáil ar **www.revenue.ie**.

Ní féidir aisíocaíocht a dhéanamh díreach chuig cuntas bainc eachtrach nach bhfuil ina bhall de LAÍE.

**UICB** (Uasfhad 34 carachtar)

| | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|

**CAB** (Uasfhad 11 carachtar)

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|

Má tá tú pósta nó i bpáirtnéireacht shibhialta agus roghnaigh tú Cómheasúnú do 2024, déan sonraí cuntais bhainc do chéile nó do pháirtnéara shibhialta a chur ar fáil

**UICB** (Uasfhad 34 carachtar)

| | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|

**CAB** (Uasfhad 11 carachtar)

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|

**Nóta: Íocfar aon aisíocaíocht Cánach chuig an cuntas bainc seo mura gcuirtear a mhalairt in iúl**

## Pionóis Shiabhialta / Ionchúiseamh Coiriúil

Leagtar síos faoi na dlíthe cánach go ngearrfar pionóis shibhialta agus smachtbhannaí coiriúla araon más amhlaidh nach ndéantar tuairisceán, go ndéanfar tuairisceán bréagach, go gcuidítear le tuairisceán bréagach a dhéanamh, nó go n-éilítear creidmheasanna cánach, liúntais nó faoisimh nach bhfuil dlite. Má thionscnaítear ionchúiseamh coiriúil i gcoinne duine agus go gciontaítear ar díotáil i gcoir é / í, féadfar pionós a ghearradh air / uirthi nach mó ná €126,970 agus / nó fíneáil suas le dúbailt na difríochta idir an cháin a dearbhaíodh a bheith dlite agus an cháin iarbhír a cinneadh ar deireadh thiar a bheith dlite, agus / nó príosúnacht.

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus cuireann siad rialuithe custam i bhfeidhm. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a sholáthar chun na gcríocha seo agus chun roinnt feidhmeanna eile reachtúla a chomhlíonadh, faoi mar a shannann an tOireachtas. Féadtar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus gníomhaireachtaí eile Rialtais faoi chúinsí áirithe sa chás go bhforáiltear seo sa dlí. Tá sonraí iomlána faoi bheartas um chosaint sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ina leagtar amach an gcaoi a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta chomh maith le eolas i ndáil le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ar ár leathanach **Príobháideachas** ar **www.revenue.ie**. Tá sonraí faoin mbeartas seo ar fáil i gcruachóip chomh maith, ach é sin a iarraidh.

**Don Oifig Amháin**

| **Ríomh Aisíocaíochta Cánach** |
|---|
| |